

# FÓGRA LÁITHREÁIN



Comhairle Cathrach  
Bhaile Átha Cliath  
Dublin City Council

## COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

### AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (ARNA LEASÚ) – CUID 8

**Iarratasóir:** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Rannóg Comhshaoil agus Iompair, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

**Suíomh:** Glasbhealach na Canálach Ríoga (idir Droichead na gCrosghunnaí, Baile Phib, Baile Átha Cliath 7 agus Baile an Ásaigh, Baile Átha Cliath 15)

**Togra:** De bhun cheanglais na rialachán thuas, tugtar fógra leis seo maidir leis an leasú atá beartaithe ar Iarratas ceadaithe faoi Chuid 8, tag. 2870/15. Tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an cosán tarraingthe atá ann cheana a leathnú trí bhruach thuaidh na canála a athailíniú ag na trí shuíomh seo a leanas chun an gá le talamh tríú páirtí a fháil a shárú, mar aon le hoibreacha gaolmhara agus seirbhísí coimhdeacha gaolmhara:

- Siar ó Gheata Loic a 6 ar feadh thart ar 600 méadar, ag athailíniú suas le 2.15 mhéadar;
- Siar ó Dhroichead Broome ar feadh thart ar 345 mhéadar, ag athailíniú suas le 1.4 mhéadar; agus
- Siar ó Gheata Loic a 8 ar feadh thart ar 85 méadar, ag athailíniú suas le 1.75 mhéadar.

Mar chuid de na hoibreacha tá sé beartaithe go n-áireofaí ductú agus seomraí gaolmhara le caighdeán ESB feadh thionscadal beartaithe Ghlasbhealach na Canálach Ríoga. Beidh suiteáil agus fuinneamh cáblaí ardvoltais ar bith amach anseo ina ábhar ar leithligh don ESB faoi réir a phróisis phleanála féin (de réir mar is infheidhme).

Féadfar na pleananna agus na sonraí i dtaobh na forbartha beartaithe a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ar feadh tréimhse 4 seachtaine ón 21 Meán Fómhair 2023 le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Cuntar Poiblí, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, ó Luan go hAoine idir 9.00 a.m. agus 4.30 p.m. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil le féachaint orthu ar líne ar Citizen Space, <https://consultation.dublincity.ie> agus ag Leabharlann Bhaile Phib, Baile Átha Cliath 7, le linn a n-uaireanta oscailte poiblí.

Tugadh faoi Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí de réir na Treorach maidir le Gnáthóga (92/43/CEE). Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta de réir Threoir MTT (2014/52/AE) agus is é tátal an Scagtha nach bhfuil aon dóchúlacht mhór ann go n-imreoidh an fhorbairt a bheartaítear tionchar suntasach ar an timpeallacht. Cinneadh, dá bharr sin, nach bhfuil Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) ag teastáil.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30 p.m. an 3 Samhain 2023. Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh ar líne freisin ar Citizen Space <https://consultation.dublincity.ie> roimh 23.59 a chlog an 3 Samhain 2023.